Gaelscoil Bhrian Bóroimhe,
Coill na nÚll,
Sord,
Co. Átha Cliath

Fón: 8902799

Faics: 8700044

V.R. 20095C

Scoil Idirchreidmheach

Suíomh Idirlín: www.gsbb.ie ***Ríomhphost:oifig@gsbb.ie***

10-02-17

A thuismitheoirí/chaomhnóirí, a chairde,

Comhghairdeas le daltaí Rang 6 a chuaigh faoi Lámh Easpaig ar an Déardaoin, an 09-02-17, i Séipéal Naomh Crónán, Sord. Bhíomar an-bhródúil astu agus bhí siad ullmhaithe go han-mhaith ag Aodán & Ciara, na múinteoirí ranga. Bhí an cór agus na ceoltóirí ar fheabhas agus táimid an-bhuíoch as na múinteoirí go léir a chabhraigh leis an gceol agus le maoirseacht ar an lá. B'é an t-Athair Pádraig Ó Baoill, a bhí mar phríomhcheiliúraí ar an lá agus thug an t-Athair Paul Thornton gach cúnamh don scoil. Bhí atmaisféar álainn sa séipéal le linn an tsearmanais. I ndiaidh an tsearmanais bhí cupán tae, ceapairí agus cístí deasa ar fáil in ionad an pharóiste taobh leis an séipéal. Rinne Cairde na Scoile gaisce arís ar an lá leis an jab iontach a rinne siad san ionad le sóláistí a chur ar fáil don slua mór. Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le Linda as a cuid cabhrach san oifig leis na leabhráin.
Congratulations to the pupils in Rang 6 who presented for the Sacrament of Confirmation on Thursday, the 09-02-17 in St. Cronan's Church, Swords. We are very proud of them and are grateful to Aodán & Ciara, their class teachers, for preparing them so well. The choir and musicians were brilliant and I would like to thank all the teachers who helped with music, and with supervision on the day. There was a lovely atmosphere in the church during the service. An t-Athair Pádraig Ó Baoill was chief celebrant and an t-Athair Paul Thornton gave the school every support possible. There were lots of cups of tea and coffee with sandwiches and cakes provided in the parish centre after the service. Cairde na Scoile, once again, did us proud in providing refreshments and looking after so many. I would like to thank Linda for all her assistance in the office.

Go n-éirí le Rang 3 (Caitríona & Bláthna) a bheidh ag léiriú an dráma 'An Fathach Scoile' i bhFéile 'Coirm', an Mháirt seo chugainn, an 14-02-17, ag 10.30rn.
We wish Rang 3 (Caitríona & Bláthna) the best with their drama 'An Fathach Scoile' in the Clasach Theatre next Tuesday, the 14-02-17, at 10.30am.

Go n-éirí le Rang 4 (Gormlaith) a bheidh ag léiriú an drama 'An Baglady' san Fhéile Scoildrámaíochta an Chéadaoin seo chugainn, an 15-02-17, ag 3.00i.n.
We wish Rang 4(Gormlaith), the very best with their drama 'An Baglady' in Scoil Chaitríona next Wednesday, the 15-02-17 at 3.00pm.

Beidh na páistí ó naíonáin shóisearacha ag fáil instealladh do MMR ar an gCéadaoin, an 15-02-17.
The children from junior infants will receive the MMR vaccination on Thursday, the 15-02-17.

Cur i gcuimhne: Beidh an scoil dúnta don tseachtain 20, 21, 22, 24, 25ú Feabhra.
Reminder: The school will be closed on the 20, 21, 22, 23, 24th February for mid-term.

Beidh an Chéad Fhaoistin do pháistí Rang 2 ann ar an Máirt, an 21-03-17, ag 7.00i.n. i Séipéal Naomh Crónán.
First Penance for children in Rang 2 will take place on Tuesday, the 21-03-17, at 7.00pm in St. Cronan's Church.

Le meas,

Séamus Seaghach (Príomhoide)